



**Beartas Leabharlann Náisiúnta na
hÉireann um Nochtadh Cosanta**

TAIFEAD NA LEASUITHE

Teideal an Doiciméid	Uimhir an Doiciméid	Príomhdhuine Freagrach	Faofa ar na dátaí thíos ag	Le hathbhreith niú arís
NLI – Beartas um Nochtadh Cosanta	NLI-POL-03	Fiona Larthwell, Ceannasaí Airgeadais	An Bord – 15 Meitheamh 2017	Meán Fómhair 2020
NLI – Beartas um Nochtadh Cosanta	NLI-POLV2-03	Seán Holly, Ceannasaí Acmhainní Daonna	Foireann Ceannaireachta – 14 Iúil 2021 An Bord – 10 Meán Fómhair 2021	Meán Fómhair 2023
NLI – Beartas um Nochtadh Cosanta	NLI-POLV3-03	Katy Lumsden, Ceannasaí Gníomhach Acmhainní Daonna		Meán Fómhair 2023

Clár na nÁbhar

1	Réamhrá.....	2
2	Cé a bhfuil feidhm ag an mBeartas um Nochtadh Cosanta maidir leo?	2
3	Na príomhphrionsabail is bonn leis an mBeartas	3
4	Céard is “Nochtadh Cosanta” ann?.....	3
5	Cé na cineálacha noхта atá clúdaithe ag an mBeartas?.....	4
6	Cé na cineálacha noхта nach bhfuil clúdaithe ag an mBeartas?.....	4
7	Cé na cásanna inar cheart d’oibrí nochtadh a dhéanamh?	4
8	Nochtadh a dhéanamh.....	5
9	Nósanna imeachta chun déileáil le noхтаí	6
10	Taifid.....	8
11	Tuilleadh Eolais / Athbhreithniú ar an mBeartas	8
12	Sonraí Teagmhála na bhFaighteoirí Ainmnithe.....	8
	Aguisín A	10
	Treoir d’fhaighteoirí noхтаí	10
	Do chúram mar an faighteoir tosaigh – measúnú tosaigh.....	10
	Rúndacht	10
	An nochtóir a choinneáil ar an eolas.....	11
	Faighteoir tosaigh noхта – seicliosta.....	11
	Aguisín B.....	12
	Treoir maidir le noхтаí a imscrúdú	12
	Do chúram mar an t-imscrúdaitheoir	12
	An nochtóir a choinneáil ar an eolas.....	13
	Ar an imscrúdú a chríochnú duit.....	13
	Nochtadh cosanta a imscrúdú – seicliosta.....	14

1. Réamhrá

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ('an Leabharlann Náisiúnta') tiomanta do chloí leis na caighdeáin is airde ó thaobh macántachta, oscailteachta agus cuntasachta agus aithníonn sí go bhfuil ról lárnach ag ár mbaill foirne maidir leis na haidhmeanna sin a bhaint amach. Tá an Leabharlann Náisiúnta tiomanta do thimpeallacht chuí a chothú chun dul i ngleic le nithe is údar imní a bhaineann le héagóiritheoireacht thromchúiseach a d'fhéadfadh tarlú san ionad oibre agus don tacaíocht is gá a sholáthar do na baill foirne agus do dhaoine eile a bhíonn ag obair linn agus a chuireann in iúl go bhfuil imní orthu maidir le hábhair dá leithéid.

Má tá tuairim réasúnach agat gur tharla éagóiritheoireacht thromchúiseach a bhaineann leis an ionad oibre, nó go bhfuil a leithéid ag tarlú nó gur dóigh go dtarlóidh a leithéid, ba chóir duit nochtadh a dhéanamh tríd an méid sin a thuairisciú ar an gcéad dul síos do do Bhainisteoir Sinsearach – an comhalta den Fhoireann Ceannaireachta atá freagrach as an roinn a bhfuil tusa ag obair léi – agus bunús do thuairime a léiriú. Mura bhfuil do Bhainisteoir Sinsearach ar fáil nó má bhraitheann tú ar chúis ar bith eile nach bhféadfá an cheist a ardú le do Bhainisteoir Sinsearach, is féidir leat nochtadh a dhéanamh i scríbhinn do chomhalta eile den Fhoireann Ceannaireachta agus cóip a chur chuig an Stiúrthóir.

Is iad an beartas agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa doiciméad seo a rialóidh an chaoi a ndéileálfar le nochtadh dá leithéid.

Gné thábhachtach amháin den Bheartas is ea go mbeidh cosaint ar phionósú ag oibrithe a dhéanann nochtadh atá bunaithe ar thuairim réasúnach. Beidh feidhm ag na cosaintí sin fiú má fhaightear amach sa deireadh go bhfuil údar imní an oibrí iomrallach nó mícheart, ar choinníoll go raibh an nochtadh bunaithe ar thuairim réasúnach. Aon ghníomh díoltais in aghaidh duine a dhéanfaidh tuairisc faoin mbeartas seo, d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir beart faoi Chód Araíonachta na Leabharlainne Náisiúnta. Ar an gcaoi céanna, má thagann sé chun solais go ndearna oibrí nochtadh arbh eol dó nó di é a bheith bréagach nó nach gcreideann sé nó sí atá fíor, féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta beart araíonachta nó beart cuí eile a dhéanamh.

Leagtar amach san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 an creat reachtach chun oibrithe a chosaint ar phionósú má dhéanann siad nochtáí. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 15 Iúil 2014 agus is féidir é a íoslódáil ag:

<https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2014/14/gle/enacted/a1414i.pdf>

Is éard is cuspóir an Achta ná foráil a dhéanamh maidir le creat reachtúil stuama faoinar féidir le hoibrithe nithe is údar imní a chur in iúl faoi éagóiritheoireacht fhéideartha a dtagann siad ar an eolas fúithi san ionad oibre, agus a bheith cinnte ag an am céanna go mbeidh siad in ann leas a bhaint as cosaintí suntasacha fostaíochta agus cosaintí eile má ghearrann a bhfostóir pionós orthu nó má dhéantar aon díobháil dóibh as déanamh amhlaidh. Faoin Acht, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a leagan síos agus a choinneáil ar bun maidir le déileáil le nochtáí cosanta agus faisnéis i scríbhinn a sholáthar dá n-oibrithe i dtaobh na nósanna imeachta sin.

2. Cé a bhfuil feidhm ag an mBeartas um Nochtadh Cosanta maidir leo?

Tá feidhm ag an mbeartas seo maidir le gach oibrí sa Leabharlann Náisiúnta, lena n-áirítear baill foirne, conraitheoirí, comhairleoirí, baill foirne ghníomhaireachta, daoine a bhfuil scoláireachtaí acu agus intéirnigh.

3. Na príomhphrionsabail is bonn leis an mBeartas

I gcás oibrí a bhfuil tuairim réasúnach aige nó aici gur tharla éagóiritheoireacht thromchúiseach a bhaineann leis an ionad oibre, go bhfuil a leithéid ag tarlú nó gur dóigh go dtarlóidh a leithéid, ba cheart dó nó di é sin a nochtadh. An t-oibrí a dhéanann nochtadh, tá sé nó sí faoi chosaint ar phionósú (nó ar bhagairt go ndéanfar pionósú), amhail fionraíocht, scaoileadh chun bealaigh nó dífhostú, ísliú gráid, laghdú pá, ciapadh, bagairt díoltais, caillteanas nó cóireáil éagórach eile.

I gcás oibrí a bhfuil **tuairim réasúnach** aige nó aici go léiríonn an fhaisnéis atá á nochtadh, nó go bhféadfadh sí a léiriú, gur tharla éagóiritheoireacht a chlúdaítear leis an mbeartas seo, go bhfuil a leithéid ag tarlú nó gur dóigh go dtarlóidh a leithéid, déanfar é nó í a chosaint ar phionósú fiú má fhaightear amach sa deireadh go bhfuil údar imní an oibreora iomrallach nó mícheart.

Nuair a ardaítear údar imní, cuirfidh an Leabharlann Náisiúnta na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm:

- déileálfar go stuama leis an údar imní agus imscrúdófar é nuair a mheastar é sin a bheith iomchuí
- Sa chás ina ndéantar imscrúdú, déanfar céannacht an duine a chuir in iúl an t-ábhar imní a choinneáil faoi rún a mhéid is indéanta go praiticiúil.
- cuirfear comhairle ar an té a chuir in iúl an t-údar imní faoin gcaoi ar tugadh aghaidh ar an tsaincheist, lena n-áirítear toradh aon imscrúdaithe
- Ní bheidh an duine a chuir in iúl an t-údar imní faoi mhíbhuntáiste ar bhealach ar bith as an nochtadh a dhéanamh, fiú mura n-aithnítear aon éagóiritheoireacht, **ar an gcoinníoll go raibh an t-ábhar imní bunaithe ar thuairim réasúnach**. Maidir le measúnú na Leabharlainne Náisiúnta i dtaobh cibé an raibh ábhar imní bunaithe ar thuairim réasúnach nó nach raibh, beidh sé bunaithe ar an gcaoi a bhfreagróidh duine réasúnta don fhaisnéis a bhí ar fáil dó nó di an tráth a rinneadh an nochtadh.

Aon ghníomh díoltais in aghaidh duine a dhéanfaidh tuairisc faoin mbeartas seo, d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir beart faoi Chód Araíonachta na Leabharlainne Náisiúnta.

Déanfaidh an Leabharlann Náisiúnta gach beart réasúnach chun déileáil le nochtaí ar bhealach rúnda, tuisceanach. Ní nochtfaidh an Leabharlann Náisiúnta céannacht an oibrí gan a thoiliú nó a toiliú, ach amháin má cheanglaítear é sin faoin dlí nó má tá sé riachtanach chun imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar an éagóiritheoireacht iomchuí.

I gcás fostaí a nochtfaidh go míchuí sonraí a d'fhéadfadh céannacht oibrí a rinne nochtadh cosanta a chur in iúl, d'fhéadfadh sé nó sí a bheith faoi réir beart faoi Chód Araíonachta na Leabharlainne Náisiúnta.

Má chreideann oibrí gur gearradh pionós air/uirthi as éagóiritheoireacht a nochtadh, ba cheart dó nó di é sin a chur in iúl don Stiúrthóir nó do Chathaoirleach an Bhoird chun sásamh a lorg.

4. Céard is “Nochtadh Cosanta” ann?

Is éard is Nochtadh Cosanta ann ná *“faisnéis iomchuí”* a nochtadh. Ionas gur faisnéis iomchuí atá i gceist:

- Caithfidh oibrí a chreidiúint le réasún go bhféadfadh sé go léiríonn an fhaisnéis a nochtar ‘éagóiritheoireacht iomchuí’ amháin nó níos mó – féach Cuid 5 thíos.
- Ní mór gur i ndáil lena fhostaíocht nó lena fostaíocht a thagann an éagóiritheoireacht ar aird an oibrí. Mar shampla, ní bheidh nochtadh faoi chosaint má bhaineann sé le cúrsaí i saol pearsanta duine lasmuigh den ionad oibre, ar cúrsaí iad nach bhfuil baint acu leis an ionad

oibre.

5. Cé na cineálacha noхта atá clúdaithe ag an mBeartas?

Clúdaítear nochtadh faisnéise sa Bheartas seo má tá tuairim réasúnach ag an oibrí go bhfuil ‘éagóiritheoireacht iomchuí’ ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh a leithéid. Áirítear le héagóiritheoireachtaí iomchuí:

- cionta coiriúla;
- mainneachtain déanamh de réir oibleagáidí dlíthiúla;
- iomrall ceartais;
- sláinte nó sábháilteacht duine a chur i mbaol;
- damáiste nach beag a dhéanamh don chomhshaol;
- úsáid a bhaint as cistí nó acmhainní comhlachta poiblí ar bhealach atá neamhdhleathach nó míchuí;
- gníomhaíocht chalaoiseach;
- gníomh nó neamhghníomh arna dhéanamh ag comhlacht poiblí nó thar a cheann atá leatromach, idirdhealaitheach, mórfaillíoch nó arb ionann é agus míbhainistíocht thromchúiseach; agus
- Fianaise a bhaineann le nithe tábhachta amhail an méid thuas a cheilt nó a scriosadh.

6. Cé na cineálacha noхта nach bhfuil clúdaithe ag an mBeartas?

Is é aidhm an bheartais seo cabhrú le hoibrithe labhairt amach faoi éagóiritheoireacht fhéideartha ar nós na cinn a liostaítear i gcuid 5 thuas, ar cinn iad ar tháinig a n-aird orthu san ionad oibre, agus tacaíocht a thabhairt dóibh ina leith sin.

NÍL sé beartaithe a bheith in ionad gnáththuairisciú oibríochta ó lá go lá. Ní chlúdaítear

leis an mBeartas seo nochtadh a dhéantar gan ainm.

Ní bheidh feidhm ag na cosaintí atá ar fáil faoin mbeartas seo maidir le nochtadh i gcás go gcuirfidh an t-oibrí faisnéis bhréagach, mhíthreorach, shuaibhreasach nó chráiteach in iúl go feasach. Má thagann sé chun solais go ndearna oibrí nochtadh arbh eol dó nó di é a bheith bréagach nó nach gcreideann sé nó sí atá fíor, forchoimeádann an Leabharlann Náisiúnta chuici féin an ceart beart araíonachta nó beart cuí eile a dhéanamh.

Ní chlúdaítear sa Bheartas gearáin phearsanta ná casaoidí pearsanta. Ba chóir gearáin agus casaoidí a láimhseáil trí chóras bainistíochta líne na Leabharlainne Náisiúnta de réir bheartais Acmhainní Daonna, agus iad a ardú go cuí. Tá tuilleadh faisnéise ar nósanna imeachta chun déileáil le casaoidí pearsanta ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí ag <http://hr.per.gov.ie/grievance>.

7. Cé na cásanna inar cheart d’oibrí nochtadh a dhéanamh?

Ba cheart d’oibrí nochtadh a dhéanamh más rud é, ina thuairim nó a tuairim réasúnach, gur tharla aon cheann de na héagóiritheoireachtaí a leagtar amach i gcuid 5, go bhfuil a leithéid ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh a leithéid, nó más rud é go ndearnadh sárú ar bheartas de chuid na Leabharlainne Náisiúnta.

8. Nochtadh a dhéanamh

Déantar foráil san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 do chúig bhealach le nochtadh a dhéanamh:

- d'fhostóir nó duine freagrach eile;
- do dhuine forordaithe (tá nasc chuig Liosta na nDaoine Forordaithe i gCuid 11)
- d'Aire (i gcás na Leabharlainne Náisiúnta, is é an tAire Cultúir, Turasóireachta, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán atá i gceist);
- do chomhairleoir dlí; nó
- nochtaí seachtracha malartacha.

Leagtar amach san Acht na ceanglais éagsúla nach mór a chomhlíonadh i gcás na mbealaí nochta sin go léir. Is léir sa Treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí gur fearr, i bhformhór na gcásanna, nochtadh a dhéanamh don fhostóir (i.e. an Leabharlann Náisiúnta) agus, mura bhfuil sé sin oiriúnach, do cheann de na daoine eile a luaitear sa liosta thuas.

Déileáiltear sa Bheartas seo leis an gcéad cheann de na bealaí sin, is é sin, nochtadh a dhéanamh d'fhostóir nó do dhuine freagrach eile.

Tá Grúpa um Nochtaí Cosanta ('an GNC') curtha ar bun ag an Leabharlann Náisiúnta, a bhfuil a chomhaltaí sannta mar Fhaigneoirí Ainmnithe na Leabharlainne Náisiúnta. Déanfaidh an GNC maoirsiú ar an bpróiseas chun déileáil le nochtaí agus soláthróidh sé sonraí na nochtaí don Stiúrthóir de réir mar a fhaightear iad agus, ina dhiaidh sin, de réir mar a dhéileáiltear leo.

Aon oibrí a bhfuil tuairim réasúnach aige nó aici gur tharla éagóiritheoireacht thromchúiseach nó go bhfuil a leithéid ar tí tarlú, ba cheart dó nó di an fhaisnéis ábhartha a nochtadh dá Bhainisteoir Sinsearach nó dá Bainisteoir Sinsearach ar an gcéad dul síos. Mura bhfuil do Bhainisteoir Sinsearach ar fáil chun an nochtadh uait a fháil nó má bhraitheann tú, ar chúis ar bith eile, nach bhféadfá an cheist a ardú le do Bhainisteoir Sinsearach, is féidir leat nochtadh a dhéanamh i scríbhinn do chomhalta eile den Fhoireann Ceannaireachta agus cóip a chur chuig an Stiúrthóir.

Rogha eile atá ag oibrithe is ea nochtadh a dhéanamh go díreach don GNC nó don Stiúrthóir ar an gcéad dul síos, más mian leo.

Cuirfidh Bainisteoirí Sinsearacha, an Stiúrthóir nó daoine eile a d'fhéadfadh nochtadh a fháil ar aghaidh chuig an GNC an nochtadh cosanta ionchasach a rinneadh.

Más rud é go mbaineann an nochtadh leis an Stiúrthóir nó le comhalta seachtrach den Choiste, ba cheart an nochtadh a dhéanamh go díreach do Chathaoirleach an GNC agus déanfaidh an té sin aon nochtadh den sórt sin a thuirisciú do Chathaoirleach an Bhoird. Má bhaineann an nochtadh le Comhalta Boird, molann an Leabharlann Náisiúnta go dtuirisceofar an nochtadh lasmuigh den nós imeachta sin trí leas a bhaint as ceann amháin de na ceithre bhealach eile chun nochtadh a dhéanamh, de réir mar is cuí.

I ngach cás, ba cheart cineál sonrath na héagóiritheoireachta féideartha a chur in iúl an tráth a nochtfar ar dtús í. Ba cheart an nochtadh a dhéanamh i scríbhinn lena chinntiú go gcuirfear an fhaisnéis ábhartha go léir ar fáil an tráth a dhéanfar an nochtadh ar dtús.

I gcás oibrí a bhfuil sé ar intinn aige nó aici údar imní a chur in iúl, níor cheart dó ná di imscrúdú a dhéanamh féachaint le dearbhú a dhéanamh ar aon éagóiritheoireacht a bhraitear atá i gceist.

9. An Grúpa um Nochtaí Cosanta

Is é Bord na Leabharlainne Náisiúnta atá freagrach sa deireadh thiar as bainistiú an bheartais seo, ach tá freagracht as feidhmiú laethúil an bheartais seo agus an beartas a choinneáil ar bun tarmlichte ag an mBord don GNC. Tá an GNC údaraithe chun gníomhú ar son na Leabharlainne Náisiúnta mar fhreagra ar nochtadh.

Is iad seo a leanas comhaltaí an GNC:

- Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta;
- An Ceannasaí Acmhainní Daonna; agus
- An Ceannasaí Airgeadais.

I gcás go mbaineann nochtadh le comhalta den GNC, ní fhónfaidh an comhalta sin ar an GNC fad a bheidh an nochtadh sin á athbhreithniú aige.

10. Nósanna imeachta chun déileáil le nochtaí

Tá dhá chéim sna nósanna imeachta chun déileáil le nochtadh, ‘an Mheastóireacht Tosaigh’ agus – nuair is cuí – ‘an tImscrúdú Iomlán’- ina dhiaidh sin. Is é cuspóir na Meastóireachta Tosaigh a fháil amach an dtagann na hábhair a thuairiscítear faoi raon feidhme an Bheartais agus, má thagann siad, an bhfuil na hábhair a thuairiscítear sách tromchúiseach le gur cheart imscrúdú iomlán a dhéanamh.

Ag gach pointe den phróiseas, ní mór don té a fhaigheann nochtadh faoin mbeartas seo, agus d’aon duine eile a gcuirtear an nochtadh ar aghaidh chuige nó chuici i gcomhlíonadh dhualgais an duine sin, gach beart réasúnach a dhéanamh chun nach nochtfar do dhuine eile aon fhaisnéis lena bhféadfaí céannacht an té a rinne an nochtadh a aithint.

Céim na Meastóireachta Tosaigh

I gcás nochtaí do dhaoine seachas comhaltaí den GNC, cuirfidh an faighteoir tosaigh in iúl don GNC i scríbhinn go bhfuil nochtadh faighte aige nó aici agus soláthróidh sé nó sí sonraí faoi chineál na faisnéise atá sa nochtadh.

Toisc nach féidir a fhios a bheith agat tráth an nochta an measfar ina dhiaidh sin go mbeidh nochtadh faoi chosaint faoin Acht um Nochtadh Cosanta, ba cheart don fhaighteoir taifead i scríbhinn a choinneáil ar an méid a dhéanfaidh sé nó sí, lena n-áirítear amlínte, agus é nó í ag déileáil leis an nochtadh.

Cuirfidh an GNC nochtadh ar aghaidh sa chéad ásc chuig an gcomhalta den Fhoireann Ceannaireachta atá freagrach as an réimse atá i gceist ionas go ndéanfaidh an té sin nó comhalta eile den Fhoireann Ceannaireachta meastóireacht tosaigh.

Le linn Chéim na Meastóireachta Tosaigh, ba cheart don chomhalta den Fhoireann Ceannaireachta:

- (a) An nochtadh a chur ar taifead, mar aon leis na céimeanna a glacadh chun déileáil leis.
- (b) Bunús na nithe is údar imní a shoiléiriú leis an oibrí.
- (c) Fáil amach cén fhianaise atá ann le tacú leis an údar imní.
- (d) Fiosrúcháin ábhartha a dhéanamh ar bhealach pras, tuisceanach, discrídeach, agus gach beart réasúnach á dhéanamh chun céannacht dhéantóir an nochta a choinneáil faoi rún. Más gá a nochtadh cé hé nó cé hí an t-oibrí chun fiosrúchán éifeachtach a dhéanamh, téigh i gcomhairle leis an oibrí.

An mheastóireacht tosaigh maidir le cibé acu an gá imscrúdú a dhéanamh nó nach gá, ní mór í a

thabhairt chun críche laistigh de 10 lá oibre. Má chinneann an comhalta den Fhoireann Ceannaireachta nach bhfuil aon imscrúdú breise ag teastáil, cuirfidh sé nó sí

an méid sin in iúl don nochtóir mar aon le bunús na conclúide sin, a mhéid is féidir. Cuirfidh an comhalta den Fhoireann Ceannaireachta an méid sin in iúl don GNC freisin, mar aon le bunús na conclúide sin.

Mura bhfuil an nochtóir sásta leis an gcinneadh gan dul ar aghaidh le himscrúdú, féadfaidh sé nó sí a mhíniú don GNC cé na cúiseanna a bhfuil sé nó sí den tuairim go bhfuil gá le himscrúdú ar an ábhar. Ansin déanfaidh an GNC meastóireacht neamhspleách ar an ábhar agus cuirfidh sé in iúl don nochtóir agus don chomhalta den Fhoireann Ceannaireachta laistigh de 10 lá oibre cé acu an cuí nó nach cuí imscrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh. Is cinneadh inmheánach deiridh ar an ábhar a bheidh i gcinneadh ón GNC gan an t-ábhar a imscrúdú a thuilleadh.

I gcás go measann sé gur iomchuí déanamh amhlaidh, féadfaidh an GNC meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar an ábhar gan é a chur ar aghaidh chuig an gcomhalta ábhartha den Fhoireann Ceannaireachta ar dtús le haghaidh meastóireachta; beidh feidhm ag na nósanna imeachta céanna maidir le Meastóireacht Tosaigh agus ag an sceideal fógartha céanna.

Más rud é go mbaineann an nochtadh leis an Stiúrthóir nó le comhalta seachtrach den Choiste, ba cheart an nochtadh a dhéanamh go díreach do Chathaoirleach an GNC agus déanfaidh an té sin aon nochtadh den sórt sin a thuairisciú do Chathaoirleach an Bhoird, mar aon le tuairisc ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an imscrúdú.

Céim an Imscrúdaithe Iomláin

I gcás gur gá imscrúdú a dhéanamh, ní mór imscrúdú iomlán a thionscnamh láithreach. Is é príomhchuspóir an imscrúdaithe measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil an nochtadh bunaithe ar thuairim réasúnach a bhfuil bunús léi, nó ar thuairim réasúnach nach bhfuil bunús léi, nó an tuairisc bhréagach í agus a fhios sin ag an tuairisceoir.

Ag brath ar chineál an noichta, féadfaidh an GNC a chinneadh an t-imscrúdú a dhéanamh é féin nó féadfaidh sé machnamh a dhéanamh ar an ábhar a chur chuig comhalta eile den Fhoireann Ceannaireachta lena imscrúdú má mheasann sé go bhfuil sé sin níos oiriúnaí. Ba cheart comhairle, más gá, a fháil ón Stiúrthóir.

Ní mór don GNC tionscnamh imscrúdaithe a thuairisciú don Stiúrthóir laistigh de 3 lá oibre. Ina theannta sin, ní mór don GNC freisin an Stiúrthóir a chur ar an eolas faoin toradh agus faoi aon mholtaí a eascraíonn as aon imscrúdú laistigh de 3 lá oibre ó dheireadh Chéim an Imscrúdaithe.

Aon imscrúdú a bheidh ina thoradh ar nochtadh, is i gcomhréir iomlán le prionsabail an cheartais aiceanta a dhéanfar é. Cuirfear an nochtóir ar an eolas maidir le dul chun cinn agus toradh an imscrúdaithe, lena n-áirítear aon ghníomh atá beartaithe, laistigh de 10 lá oibre ó thabhairt chun críche Chéim an Imscrúdaithe, ag féachaint do chineál na n-ábhar atá faoi imscrúdú.

Ní féidir scálaí ama cruinne ná céimeanna beachta na n-imscrúduithe a leagan síos, mar beidh na gnéithe sin ag brath ar shaincheisteanna an cháis. Gan tionchar a imirt ar cháilíocht ná ar dhoimhneacht an imscrúdaithe, déanfar gach iarracht aon imscrúdú a eascraíonn as nochtadh arna dhéanamh ag oibrí a thabhairt chun críche chomh tapa agus is féidir.

Más rud é, tar éis an imscrúdaithe ar an ábhar, go bhfuarthas nár tharla aon éagóiritheoireacht agus go meastar nach raibh tuairim réasúnach ag an nochtóir agus éagóiritheoireacht á líomhain, cuirfear sonraí an cháis faoi bhráid an Stiúrthóra agus an Cheannasaí Acmhainní Daonna lena bhreithniú ar cheart imeachtaí araíonachta a thionscnamh i gcoinne an duine lena mbaineann.

Go hachomair, agus imscrúdú iomlán á dhéanamh aige, ba cheart don GNC nó don chomhalta den Fhoireann Ceannaireachta nó don Oifigeach Imscrúdaithe atá sanntá an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (e) An nochtadh a chur ar taifead, mar aon leis na céimeanna a glacadh chun déileáil leis.
- (f) Bunús na nithe is údar imní a shoiléiriú leis an oibrí.

- (g) Fáil amach cén fhianaise atá ann le tacú leis an údar imní.
- (h) Fianaise a fháil ó aon fhinnéithe ábhartha.
- (i) Measúnú riosca a dhéanamh ar an tsaincheist agus beart láithreach a dhéanamh má tá cailteanas tromchúiseach nó contúirt do dhaoine eile i gceist leis an éagóiritheoireacht líomhnaithe.

- (j) Fiosrúcháin ábhartha a dhéanamh go pras, go tuisceanach agus go discréideach, agus gach beart réasúnach a dhéanamh chun céannacht an té a rinne an nochtadh a choinneáil faoi rún. Más gá a nochtadh cé hé nó cé hí an t-oibrí chun fiosrúchán éifeachtach a dhéanamh, téigh i gcomhairle leis an oibrí.
- (k) Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil an tuairisc faoi nochtadh bunaithe ar thuairim atá réasúnach ach nach bhfuil bunús léi, nó bunaithe ar thuairim réasúnach a bhfuil bunús léi, nó an tuairisc bhréagach í agus a fhios sin ag an tuairisceoir.
- (l) Beart cuí a mholadh má tá bunús leis an nochtadh.
- (m) Má tá an nochtadh bréagach agus a fhios sin ag an tuairisceoir, ba cheart beart a mheas faoi Chód Araíonachta na Leabharlainne Náisiúnta.
- (n) An toradh a thuairisciú agus na taifid go léir a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir laistigh de 3 lá oibre ó dheireadh Chéim an Imscrúdaithe.
- (o) Aiseolas i scríbhinn a thabhairt don oibrí laistigh de 10 lá oibre ó dheireadh Chéim an Imscrúdaithe, agus aon bheart molta san áireamh.

11. Taifid

Coinneofar taifead ar gach ní is údar imní a chuirtear in iúl, agus ar thoradh an mheasúnaithe, go ceann cúig bliana ar a laghad tar éis don Stiúrthóir an cás a dhúnadh. Coinneofar na taifid sin i dtimpeallacht rúnda, shlán.

Áireofar tuarascáil achomair ar gach nochtadh cosanta i dTuarascáil Bhliantúil na Leabharlainne Náisiúnta.

12. Tuilleadh Eolais / Athbhreithniú ar an mBeartas

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas nuair a sholáthróidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir mar at leagtar amach in Alt 21 den Acht agus go tréimhsiúil ina dhiaidh sin nó nuair a éilíonn Bord na Leabharlainne Náisiúnta é.

[An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014](#)

[An tAcht um Nochtadh Cosanta \(Leasú\), 2022](#)

[Liosta na nDaoine Forordaithe](#)

[An Cód Cleachtais um Nósanna Imeachta maidir le Gearáin agus Araíonacht, I.R. Uimh. 146 de 2000](#)

[An tSeirbhís um Chaidreamh san Áit Oibre](#)

13. Sonraí Teagmhála an Ghrúpa um Nochtadh Cosanta

Seo a leanas sonraí teagmhála na bhFaighiteoirí Ainmnithe:

Faighiteoir Ainmnithe	Ríomhphost
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta	pdgchair@nli.ie
Ceannasaí Acmhainní Daonna	pdg@nli.ie
Ceannasaí Airgeadais	pdg@nli.ie
Grúpa Ríomhphoist:	pdg@nli.ie



Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

An Beartas um Nochtadh Cosanta – Seicliostaí

Seicliosta A:

Treoir maidir le noхтаí a fháil sa chéad áit

– Seicliosta B:

Treoir maidir le noхтаí a imscrúdú

Teideal an Doiciméid	Uimhir an Doiciméid	Ceadaithe ag	Dáta	Uimh. an Leasaithe
----------------------	---------------------	--------------	------	--------------------

NLI – Beartas um Nochtadh Cosanta – Seicliostaí	NLI-FORM-006	An Bord	20 Aibreán 2017	Leag an Deiri dh
---	--------------	---------	-----------------	---------------------------

Aguisín A:

Treoir maidir le nochtaí a fháil sa chéad áit

San Aguisín seo soláthraítear treoir do Bhainisteoirí Sinsearacha i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ('an Leabharlann Náisiúnta') a dtéitear i dteagmháil leo maidir le nochtadh lena líomhnaítear éagóiritheoireacht thromchúiseach. Is é príomhchuspóir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 ('an tAcht'-) oibríthe a chosaint ó phionósú mar gheall ar nochtadh a bheith déanta acu de réir a fhorálacha. Tá Beartas na Leabharlainne Náisiúnta um Nochtadh Cosanta ("an Beartas") ar aon dul le forálacha agus rún na reachtaíochta.

An cúram atá ortsa i do ról mar fhaighteoir tosaigh: Meastóireacht tosaigh

Ní féidir a chinneadh ag pointe an nochta an dtuairisceoidh an nochtóir ina dhiaidh sin go ndearnadh pionósú air nó uirthi as an ábhar a chur in iúl. Mar sin, ba chóir a mheabhrú go bhféadfadh sé, i gcás duine a thuairisceoidh éagóiritheoireacht thromchúiseach duit, nach go follasach mar nochtadh cosanta a dhéanadh sé nó sí an tuairisc.

Déantar idirdhealú soiléir sa Bheartas idir meastóireacht tosaigh agus imscrúdú iomlán. Beidh dhá ghné ar leith sa mheastóireacht tosaigh – measúnú féachaint an dtagann na hábhair a thuairiscítear faoi raon feidhme an Bheartais agus measúnú i dtaobh an bhfuil na hábhair a thuairiscítear chomh tromchúiseach sin chun gur cheart imscrúdú iomlán a dhéanamh.

Léirítear sa Bheartas na nithe a liostaítear mar éagóiritheoireachtaí san Acht. Is nithe fairsinge, fadréimseacha iad agus meastar gur ábhair thromchúiseacha iad go léir. Ina lán cásanna ní gá go mbeadh eachtra iarbhír tarlaithe: d'fhéadfadh sé gur leor an fhéidearthacht a bheith ann go dtarlódh eachtra.

B'fhéidir nach mbeadh imscrúdú iomlán de dhíth i gcás na n-ábhar go léir a thabharfar ar d'aird. Samplaí de chásanna nach mbeadh gá le himscrúdú a dhéanamh orthu is ea cásanna nach bhfuil fáil ag an oifigeach a thugann tuairisc duit ar na fíricí ábhartha ar fad nó cásanna ina bhfuil míthuiscint i gceist.

Má thagtar ar an gconclúid nach bhfuil gá le himscrúdú iomlán, tá sé tábhachtach an mheastóireacht as a dtiocfaidh an chonclúid sin a bheith sách stuama le gur féidir bunús an chinnidh sin a chur in iúl don nochtóir.

Rúndacht

Aithnítear san Acht agus sa Bheartas go bhféadfadh sé nach féidir i gcónaí céannacht an nochtóra a choinneáil faoi lánrún. Tá freagracht ar an Leabharlann Náisiúnta, áfach, as céannacht an nochtóra a choinneáil faoi rún a mhéid is féidir go praiticiúil agus go pragmatach. Tá sé tábhachtach mar sin a chinntiú gur ar bhealach discrídeach, cúramach a rachfar i gcomhairle le daoine agus go ndéanfar gach beart réasúnach chun céannacht an nochtóra a choinneáil faoi rún. Más gá a nochtadh cé hé nó cé hí an t-oibrí chun fiosrúchán éifeachtach a dhéanamh, tá sé fíorriachtanach dul i gcomhairle leis an oibrí roimh ré.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin, de réir an Achta, go bhféadfadh an duine a rinne an nochtadh caingean a thionscnamh mura gcomhlíontar an ceanglas sin, más rud é go bhfulaingeoídh an duine sin aon chailteanas dá dheasca sin.

An nochtóir a choinneáil ar an eolas

Gné rithabhachtach de dhearbhu a thabhairt go ndéileálfar go stuama leis an nochtadh is ea cumarsáid oscailte, mhacánta a dhéanamh.

Tá sé tábhachtach a mhíniú nach bhfuil imscrúdú iomlán i gceist leis an meastóireacht tosaigh agus nach bhfuil an nochtóir faoi mhíbhuntáiste ar bhealach ar bith de bharr nochtadh a dhéanamh atá bunaithe ar thuairim réasúnach fiú más rud é nach gcinnefar go bhfuil aon éagóiritheoireacht i gceist.

Cé gur léir go gcaithfear aird a dhíriú ar na hiarmhairtí a bheadh ann dá ndéanfaí nochtadh nach bhfuil bunaithe ar thuairim réasúnach, d'fhéadfaí daoine a dhíspreagadh ó éagóiritheoireacht a thuairisciú dá leagfaí an iomarca béime air sin. Bheadh toradh den sórt sin contrártha le ceann de phríomhchuspóirí an Bheartais, is é sin oibríthe a spreagadh le labhairt amach faoi éagóiritheoireacht.

Faighteoir tosaigh nochtá – seicliosta

- | | | |
|-----|--|---|
| 1. | Ar léigh tú Beartas um Nochtadh Cosanta na Leabharlaine Náisiúnta agus ar chuir tú eolas ar a bhfuil ann? | ? |
| 2. | An bhfuil aird ar leith tugtha agat ar na freagrachtaí atá ortsa maidir le nochtadh faisnéise a sheachaint i gcás go bhféadfadh an fhaisnéis sin a úsáid leis an duine a rinne an nochtadh a aithint? | ? |
| 3. | Ar thug tú cóip den Bheartas don nochtóir agus ar chuir tú in iúl dó nó di go ndéileálfar go stuama leis an údar imní atá aige nó aici? | ? |
| 4. | Ar léirigh an nochtóir a dhóthain duit go bhfuil na hábhair atá á gcur in iúl aige nó aici i gceann de na catagóirí a leagtar amach i gcuid 5 den Bheartas? | ? |
| 5. | Más 'Níor léirigh' an freagra ar cheist 4, ar chuir tú in iúl don nochtóir go gcaithfidh ábhar an nochtá tagairt a dhéanamh do cheann de na hábhair a leagtar amach i gcuid 5? | ? |
| 6. | Más 'Léirigh' an freagra ar cheist 4, ar chuir tú in iúl don nochtóir go ndéanfaidh tú meastóireacht tosaigh agus go dtiocfaidh tú ar ais chuige nó chuici le barúil faoi cé acu an gá nó nach gá imscrúdú iomlán a dhéanamh ar an ábhar, dar leat? | ? |
| 7. | Ar mhínigh tú an difríocht idir meastóireacht tosaigh agus imscrúdú iomlán? | ? |
| 8. | Ar mhínigh tú don nochtóir gurb amhlaidh, mura bhfuil sé nó sí sásta le toradh do mheastóireachta, go bhféadfaidh sé nó sí an cheist a chur faoi bhráid comhalta eile den Fhoireann Ceannaireachta agus go ndéanfaidh an comhalta eile sin meastóireacht neamhspleách ar an ábhar? | ? |
| 9. | Ar mhínigh tú gurb amhlaidh, má chinntear go bhfuil gá le himscrúdú, go ndéanfar an cheist a fhiosrú agus go bhféadfaí í chur ar aghaidh chuig comhalta eile den Fhoireann Ceannaireachta nó chuig an nGrúpa lena himscrúdú má mheastar go bhfuil an cur chuige sin níos oiriúnaí? | ? |
| 10. | An bhfuil na teorainneacha rúndachta a leagtar amach sa reachtaíocht um Nochtadh Cosanta mínithe agat don nochtóir? | ? |
| 11. | Sa chás ina bhfuil tú tagtha ar an tuairim nach bhfuil imscrúdú neamhspleách oiriúnach, ar chuir tú bunús na conclúide sin in iúl don nochtóir, a mhéid is féidir? | ? |

- 12.** Ar chuir tú in iúl go foirmiúil don Stiúrthóir go bhfuarthas an nochtadh, cineál na faisnéise atá ann, toradh do mheastóireachta agus ainm an chomhalta den Fhoireann Ceannaireachta ar cuireadh an t-ábhar ar aghaidh chuige nó chuici lena imscrúdú, más cuí? ?

Aguisín B:

Treoir maidir le nochtáí a imscrúdú

San Aguisín seo tugtar treoir do bhaill na Foirne Ceannaireachta nó d'Oifigigh Imscrúdaithe eile arna n-ainmniú ag an nGrúpa um Nochtadh Cosanta ('an GNC') i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ('an Leabharlann Náisiúnta') atá freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le éagóiritheoireachtaí tromchúiseacha faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 ('an tAcht'). Soláthraítear san Acht cosaint d'oibrithe i leith pionósú a dhéanfadh a bhfostóir orthu as nochtadh a dhéanamh de réir fhorálacha an Achta. Tá Beartas na Leabharlainne Náisiúnta um Nochtadh Cosanta ("an Beartas") ar aon dul le forálacha agus rún na reachtaíochta.

Do chúram mar an t-imscrúdaitheoir

Is é an chéad chúram atá ort ná a dhearbhu leis an GNC gur chuir sé in iúl don Stiúrthóir go bhfuarthas an nochtadh, cineál na faisnéise atá sa nochtadh agus an cinneadh a cuireadh in iúl don nochtóir. Ina dhiaidh sin, ní mór duit a chur in iúl don Stiúrthóir go bhfuil an t-imscrúdú ar siúl.

D'fhéadfadh sé gur mhaith leat dul i gcomhairle leis an gcomhalta den Fhoireann Ceannaireachta a thug an nochtadh duit lena imscrúdú, ach tá sé tábhachtach go dtiocfaidh tú ar do chonclúidí neamhspleácha féin maidir leis an ábhar atá á imscrúdú.

Is fút féin atá sé a chinneadh cén chaoi a dtabharfaidh tú faoin imscrúdú ag féachaint do chúinsí ar leith an cháis. Tá sé sin faoi réir, áfach, ag dhá bhreithniú an-tábhachtach:

- *Saincheist na rúndachta* – Aithnítear san Acht agus i mBeartas na Leabharlainne Náisiúnta go mb'fhéidir nach féidir i gcónaí céannacht an nochtóra a choinneáil faoi lánrún. Tá freagracht ort, áfach, céannacht an nochtóra a choinneáil faoi rún a mhéid is féidir go praiticiúil agus go pragmatach. Tá sé tábhachtach mar sin a chinntiú go ndéanfaidh tú gach beart réasúnach chun céannacht an duine a nocht an éagóiritheoireacht a choinneáil faoi rún. Más gá a nochtadh cé hé nó cé hí an t-oibrí chun fiosrúchán éifeachtach a dhéanamh, téigh i gcomhairle leis an oibrí.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin, de réir na reachtaíochta, go bhféadfadh an duine a rinne an nochtadh caingean a thionscnamh mura gcomhlíontar an ceanglas seo, sa chás ina dtarlóidh cailteanas don duine sin mar gheall nár comhlíonadh an ceanglas.

- *Nósanna imeachta córa imscrúdaithe* – Soiléirítear i mBeartas na Leabharlainne Náisiúnta go ndéanfar aon imscrúdú a eascraíonn as nochtadh ar bhealach atá ag teacht go hiomlán le prionsabail an cheartais aiceanta, amhail mar a dhéantar le gach imscrúdú inmheánach eile. Chomh maith leis an bhfreagracht atá ort i leith an nochtóra, cuimhnigh go bhfuil tá freagrach freisin as a chinntiú nach ndéanfar líomhaintí éagóiritheoireachta, a d'fhéadfadh a bheith mícheart, i gcoinne daoine neamhchiontacha.

Má theastaíonn aon treoir faoi leith uait maidir le nósanna imeachta córa moltar duit comhairle a lorg ón Aonad Acmhainní Daonna.

An nochtóir a choinneáil ar an eolas

Gné rithábhachtach de dhearbhu a thabhairt go ndéileálfar go stuama leis an nochtadh is ea cumarsáid rialta a dhéanamh.

Ba cheart duit an t-am a ghlacadh chun míniú a thabhairt ar an ról atá agatsa sa phróiseas mar a leagtar amach sa Bheartas agus míniú cén cineál imscrúdaithe a dhéanfaidh tú. Ba cheart duit a shoiléiriú freisin gur bunphrionsabal de chuid an Bheartais é nach bhfuil an nochtóir faoi mhíbhuntáiste ar bhealach ar bith as nochtadh a dhéanamh atá bunaithe ar thuairim réasúnach, fiú mura n-aimsítear aon éagóiritheoireacht. Am cuí a bheadh ansin freisin chun plé a dhéanamh faoin teorainn atá leis an rúndacht mar a leagtar amach sa reachtaíocht.

Cé gur léir go gcaithfear aird a dhíriú ar na hiarmhairtí a bheadh ann dá ndéanfaí nochtadh nach bhfuil bunaithe ar thuairim réasúnach, d'fhéadfaí daoine a dhíspreagadh ó éagóiritheoireacht a thuairisciú dá leagfaí an iomarca béime air sin. Bheadh toradh den sórt sin contrártha le ceann de phríomhchuspóirí an Bheartais, is é sin oibrithe a spreagadh le labhairt amach faoi éagóiritheoireacht.

Má tá d'imscrúdú ag tógáil tamaill, ba cheart duit eolas rialta faoin dul chun cinn a chur ar fáil don nochtóir, a mhéid is féidir agus is cuí.

Ar an imscrúdú a chríochnú duit

Beag beann ar na cinntí a dhéanfaidh tú, ceanglaítear ort faoin mBeartas toradh d'imscrúdaithe a chur in iúl don Stiúrthóir. Ní mór duit an toradh a chur in iúl don nochtóir freisin.

Sa chás ina bhfuil tú tar éis teacht ar an gconclúid nach raibh eolas iomlán ag an nochtóir ar na fíricí go léir nó go raibh dul amú air nó uirthi i ndáiríre faoin éagóiritheoireacht a tharla nó a d'fhéadfadh tarlú, tá tábhacht ar leith ag baint le bunús do chinnidh a mhíniú don nochtóir. Toisc go bhfuil sé de cheart ag nochtóir faoin reachtaíocht an fhaisnéis a nochtadh in áit eile, d'fhéadfadh an toradh sin a bheith ann mura dtabharfaidh tú míniú leordhóthanach dó nó di.

I gcás go bhfuil tú tar éis teacht ar an gconclúid nach ar bhonn tuairim réasúnach a rinne an nochtóir a nochtadh – is é sin go ndearnadh an nochtadh ar chúiseanna suaibhreasacha nó cúiseanna cráiteacha – ba cheart duit an Stiúrthóir agus an Ceannasaí Acmhainní Daonna a chur ar an eolas agus breithneoidh siadsan ar cheart imeachtaí araíonachta a thionscnamh i gcoinne an duine lena mbaineann.

Is ábhar tromchúiseach é nochtadh a dhéanamh agus imscrúdú a dhéanamh ina dhiaidh sin. Ba chóir duit taifeadh cúramach a dhéanamh ar gach beart a ghlac tú le linn do phlé leis an nochtóir agus le linn d'imscrúdaithe. Tá seicliosta ullmhaithe mar threoir duit agus ba cheart duit é a shíniú agus a choinneáil le haghaidh do thaifead. Toisc nach bhfuil aon teorainneacha ama leagtha amach sa reachtaíocht nó sa Bheartas tá sé tábhachtach go gcoinneofa do thaifid go dtí go mbeidh gach ní a bhaineann leis an nochtadh curtha de lámh chun do shástachta.

Nochtadh cosanta a imscrúdú – seicliosta

1. Ar léigh tú Beartas um Nochtadh Cosanta na Leabharlainne Náisiúnta agus ar chuir tú eolas ar a bhfuil ann?
2. An bhfuil aird ar leith tugtha agat ar na freagrachtaí atá ortsa maidir le nochtadh faisnéise a sheachaint i gcás go bhféadfadh an fhaisnéis sin a úsáid leis an duine a rinne an nochtadh a aithint?
3. Ar bhuail tú leis an nochtóir agus ar chuir tú in iúl dó nó di go ndéileálfar go stuama leis an údar imní atá aige nó aici?
4. Ar dheimhnigh tú leis an bhfaighteoir bunaidh (más duine difriúil atá i gceist) gur chuir sé nó sí in iúl don Stiúrthóir go bhfuarthas an nochtadh, cineál na faisnéise atá ann, toradh na meastóireachta tosaigh a rinne sé nó sí agus gur cuireadh an t-ábhar ar aghaidh chugatsa lena imscrúdú?
5. Ar chuir tú in iúl don Stiúrthóir go bhfuil tús curtha leis an imscrúdú?
6. Ar chuir tú in iúl don nochtóir go gcoinneoidh tú é nó í ar an eolas faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe de réir mar is cuí agus, nuair a bheidh d'imscrúdú críochnaithe, go gcuirfidh tú toradh an imscrúdaithe sin in iúl dó nó di?
7. An bhfuil na teorainneacha rúndachta a leagtar amach sa reachtaíocht um Nochtadh Cosanta mínithe agat don nochtóir?
8. Ar mhínigh tú don nochtóir go bhfuil bealaí eile nochta ar fáil dó nó di mura bhfuil sé nó sí sásta le toradh d'imscrúdaithe?
9. An bhfuil tú eolach ar nósanna imeachta i dtaobh imscrúdú a dhéanamh agus prionsabail an cheartais aiceanta á gcur san áireamh agat?
10. Ar chuir tú toradh d'imscrúdaithe in iúl don nochtóir agus ar mhínigh tú, a mhéid is féidir, na cúiseanna atá le do chinneadh?
11. Má tháinig tú ar an gconclúid nár chreid an nochtóir go réasúnach san éagóiritheoireacht, ar chuir tú an t-ábhar ar aghaidh chuig an Stiúrthóir agus chuig an gCeannasaí Acmhainní Daonna ionas go ndéanfaidh siadsan é a mheas?
12. Ar chuir tú toradh d'imscrúdaithe in iúl go foirmiúil don Stiúrthóir?